Gaelcholáiste na Mara, Páirc na bPiarsach, An tInbhear Mór, Y14 DX27
Fón: 0402 91764
Suíomhn na Scoile: [www.gaelcholaistenamara.ie](http://www.gaelcholaistenamara.ie)
gcm@kwetb.ie

# Nuacht is déanaí ó *Ghaelcholáiste na Mara:* Feabhra / Márta 2026

**"Tagann an ghrian i ndiaidh na fearthainne."**

## Eolas Ginearálta:

**Gaeilgeoirí mhí Feabhra agus an Mhárta**

Comhghairdeas lenár nGaeilgeoirí do Fheabhra agus do Mhárta. Rinne na daltaí thíos sár-iarracht an Ghaeilge a úsáid go laethúil agus í a chur chun cinn timpeall na scoile. Bronnadh dearbháin phíotsa orthu chun aitheantas ar leith a thabhairt dóibh.

*Rónán Ó Faoláin (Bl.5), Finn Ó Laoire (Bl.5), Grace Nic Chriostaí (Bl.5), Sadhbh Ní Artlaigh (Bl.5), Callum Caomhánach (Bl.5), Dáire de Hora (Bl.5), Holly Ní Mhairtín (Bl.1), Elena Piccinini (Bl.5), Cian Ó Murchú (Bl.3), Emily Ní Siadhail (Bl.3), Fiadh Ní Aimhirgín (Bl.1), Mia Ní Dhuinn (Bl.1)*

**Bréagscrúdaithe:**

Chríochnaigh an séú bliain agus an tríú bhlian lena mbréagscrúdaithe i mí Feabhra. Cabhróidh an t-aiseolas seo agus iad ag ullmhú do na scrúduithe stáit i mí Meitheamh.

**Láinseáil tionscadal Scoileanna Ildánacha**

Ar an 25ú Feabhra, bhí an láinseáil oifigiúil againn i nGCM do Thionscnamh Scoileanna Ildánacha GCM. 'Sé Scoileanna Ildánacha ná clár dhá bhliain ar fhad do thionscadal ealaíne , atá á reachtáil ag an gComhairle Ealaíne agus faoi stiúr Oide Helen anseo. Chuir GCM isteach ar an gclár iomaíoch seo i 2024 agus d'éirigh linn áit a fháil. Fuaireamar maoiniú de €4,000 agus acmhainní eile mar chuid de. Thar dhá bhliain anuas, ghlac gach uile dalta sa scoil páirt sa chlár - tríd a gcuid smaointe a roinnt sa phróiseas pleanála agus tríd a gcuid ealaíon a chur leis. D'oibrigh daltaí uile na scoile - ach go h-áirithe an idirbhliain - leis an ealaíontóir proifisiúnta Austin Hearne, le beirt comhairleoirón gComhairle Ealaíon/The Arts Council, agus le múinteoirí uile na scoile ar feadh an dhá bhliain chun an ealaíon balla-bunaithe seo a chur le chéile.



D'úsáid GCM an tionscadal seo mar an fócas don tionsnamh Féimheastóireacht Scoile - agus muid dírithe ar na téamaí don fholláine, cothromas agus ionchuimsiú a chur chun cinn sa scoil. Beidh an saothar ealaíon seo ag bogadh linn go dtí an foirgneamh nua. Cuirteadh ceol ar siúl  chun an láinseáil a cheiliúradh agus sheinn 24 cheoltóír na scoile rogha phort agus ríleannatraidisiúnta ar dtús agus an t- amhrán Leatsa Nó Liom Fhéin (an leagan Gaeilge de *With or Without You* ó U2) níos déanaí. Bhí caighdeán an-ard ceoil agus talann le taispeáint ann agus rinne sé an tionscadal a mharcáil i gceart.

**Seachtain na Gaeilge:**

Rinneamar ceiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge sa scoil le déanaí. D'eagraigh Oide Aoife agus an Coiste Gaeilge a lán gníomhaíochtaí gaelacha le haghaidh na daltaí, mar shampla: spriocanna na sióge, ceol, tae agus plé ag am lóin, céilí ranga le hOide Eibhlín, comórtas cic fada agus dúshlán an Trasnáin. Anuas air sin, bhí tráth na gceist ag muintir na chéad bliana i gcoinne daltaí ó Mheánscoil Gharmán. Bhain gach duine an-sult as na himeachtaí seo.



**Turas Bl.3 – Ceoldráma**



Bhí turas ag Bl.3chuig Colaiste Ghlór na Mara i mBaile Brigín chun freastal ar an gceoldráma lán-Ghaeilge Disco Inferno. Bhain siad an-taitneamh as an lá.



**Táithí Oibre – GCAT:**

Chaith mic léinn na cúigiú bliain trí lá lasmuigh den scoil ar shocrúchán oibre do GCAT. Thug sé seo deis dóibh díriú ar ghairmeacha beatha amach anseo.

**Rith ar son *Futures in Mind***

Bhí lá den scoth ag ár ndaltaí ar an 27ú Márta ag rith 5km chun airgid a bhailiú ar son "Futures in Mind." Díríonn an carthanas áitiúil seo- #talktotom ar shaolta a shábháil trí na bacainní agus an stiogma a bhaineann le féinmharú agus le sláinte mheabhrach a bhriseadh síos, trí thacaíocht airgeadais, mhothúchánach agus oideachasúil a chur ar fáil. Míle buíochas le hOide Rebekah, Ann-Marie agus muintir na cúigiú bliain as an ócáid seo a eagrú dúinn.



**Club Amhránaíochta**

Lean Club Amhránaíochta ar aghaidh le hOide Helen agus tá na daltaí ag baint sult as. Bíonn siad ag tnúth leis gach Máirt.

**Teastais BSTAI – Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí**

Bronnadh teastas a tháinig ón @BSTAI le déanaí ar sheachtar dalta san Idirbhliain - as gradam a bhaint amach i scrúdú Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí.




Tréaslaímid leo ar fad - Freya Mara Muntean, Lucy Ní Dhiomsaigh, Aaron Ó Loingsigh, Jake Maoltuilleadh Ó hAodha, Darragh Ó Ceallaigh, James Ó Coimín, agus Alisha Chatterjee (as láthair ón ngrianghraf) - in éineacht lena múinteoir bródúil, Oide Tiarnán.

**ATU Sports Scholar – Gráinne Flynn**




Tá ríméad orainn a fhógairt go bhfuil iar-dhalta dár scoil, Gráinne Flynn, tar éis Scoláireacht Spóirt a bhaint amach in ATU. Tá Gráinne ag déanamh staidéir ar B.Ed san Eacnamaíocht Bhaile agus sa Ghaeilge, agus táimid fíorbhródúil aisti as an éacht seo. Guímid gach rath uirthi ina cuid staidéir agus ina gairm amach anseo.



**Gradam "Scoláire Iontrála" – Alex Muntean**

D'fhreastal Oide Eibhlín ar shearmanas in UCD mar bronnadh gradam 'Scoláire Iontrála' ar ár n-íarscoláire Alex Muntean. Comhghairdeas leis agus go n-éirí leis ina chuid staidéir ar an Innealtóireacht.

**Scrúduithe cainte**

Chríochnaigh an séú bliain a gcuid scrúdaithe cainte le déanaí. Is féidir leo díriú isteach anois ar a n-athbhreithniú do mhí Meithimh.

**An Idirbhliain:**

**Comórtas Fiontraíochta**
Chuaigh dhá ghrúpa IB chuig Óstán Arklow Bay le déanaí le hOide Ciara chun páirt a ghlacadh sa Chomórtas Fiontraíochta: AMA Balms agus Jollie Cookies. Níor éirigh leo é a bhuachan ach bhain siad sult as an lá. Maith sibh, Aoibhe, Allie, Millie, Julianne, Dylan agus Hollie.

**Oíche na nGairmeacha**
D'fhreastal daltaí na hidirbhliana ar Oíche na nGairmeacha ar an 26ú Feabhra. Ócáid an-fhiúntach é dóibh agus iad ag smaoineamh ar a dtodhcaí. Bhí Oide Eibhlín an-bhuíoch do na daoine a tháinig isteach chun an oíche seo a reachtáil.

**RCSI Mini Med**
D'fhreastail roinnt mac léinn ar cheardlann leighis le déanaí. D'fhoghlaim siad go leor agus bhain siad taitneamh as.




**Muintearas 2026**
Comhghháirdeachas le Mícheál Ó Floinn, Freya Muntean, Aoife ní Shuilleabháin agus Aoibheann Ní Bhriain a bhuaigh an chéad duais sa chomórtas póstaeir agus léiriú. Bhronn an tUachtarán Catherine Connolly an trófaí orthu. Tá Oide Eibhlín thar a bheith bródúil astu agus ar Grace ní Dhíomasaigh, Ciara Ní Bhraoin agus Aoife Jo Nic Chormaic a dhearna an póstaer a dhearadh.

**Turas chuig Fís'26 agus EPIC**
Bhí daltaí  an ceathrú bliain ag iniúchadh stair na himirce ar an 12ú Márta ag EPIC I mBáile Átha Cliatha le hOide Aoife agus Ann-marie. Bhain siad an-taitneamh as an lá.

**Ceardlann "Let's Get Environmental"**
Ghlac scoláirí na hIdirbhliana páirt le déanaí sa cheardlann faoin timpeallacht Redesign Ireland – "Let's Get EnvironMENTAL!!!" D'fhoghlaim faoi cheisteanna comhshaoil in Éirinn agus ar fud an domhain. Chruthaigh na daltaí físeáin bunaithe ar réitigh phraiticiúla don chomhshaol, agus cuirfear na cinn is fearr isteach i gcomórtas náisiúnta.

**Cruinniú Rogha Ábhair**
Reáchtáladh cruinniú eolais ar Teams do scoláirí agus tuismitheoirí  na hIdirbhliana. Chuir múinteoirí na hábhair Ardteistiméireachta i láthair chun cabhrú leis na daltaí rogha eolasach a dhéanamh.

**Ceardlann Drummaí**
Ghlac scoláirí na hIdirbhliana páirt i gceardlann drumaí le déanaí. Bhain siad an-taitneamh agus tairbhe as an seisiún idirghníomhach seo. D'fhoghlaim siad scileanna nua ceoil agus bhí atmaisféar bríomhar, fuinniúil ann.

**Taithí Oibre:**
Chaith daltaí na hIdirbhliana seachtain lasmuigh den scoil ar shocrúchán oibre. Thug sé seo deis dóibh díriú ar ghairmeacha beatha amach anseo.

**Obair dheonach:**
Bíonn rang Acla ag déanamh obair dheonach gach Céadaoin. Bionn siad ag obair I siopaí, catharnais agus I dteach altranais.

## Spórt:

### Sacar

**Sacar Bl. 1 Buachaillí (le hOide Dearan):**
Ar an 3ú Feabhra, d'imir buachaillí Bl. 1 i gcoinne CBS Ros Mhic Treoin agus bhain siad bua iontach 5–0 amach sa Chorn Laighean. Bhí cúl amháin ag Caoimhín Ó Murchú, dhá chúl ag Conn Landy, ceann acu ó 30 slat, agus dhá chúl ag Nial Ó Duigeannáin. Ba é cúl an tséasúir é nuair a scóráil Nial rotharchic iontach ó thrasnú Fiachra Willoughby.

Ar an 5ú Feabhra, d'imir siad arís i gcoinne Carnew. In ainneoin iarracht láidir, chaill siad an cluiche. Tháinig siad sa dara háit sa tsraith.

Ar an 11ú Márta, d'imir siad i gcoinne Scoil Chonglais agus bhain siad bua láidir 7–1 amach. Fuair Scoil Chonglais an chéad chúl sa chéad chúig nóiméad déag, ach d'fhreagair GCM go hiontach le dhá chúl tapa. Bhí sé 2–1 do Ghaelcholáiste na Mara ag leath ama. Sa dara leath, d'imir na buachaillí go han-mhaith agus scóráil siad cúig chúl eile chun an bua a dhaingniú. Scóráil Caoimhín dhá chúl, Senan cúl amháin, Fiachra dhá chúl agus Nial dhá chúl.

Ar an 20ú Márta, d'imir siad i gcoinne Carnew agus bhain siad bua 4–2 amach tar éis am bhreise. Go luath sa chluiche, gortaíodh imreoir de chuid GCM agus b'éigean an cluiche a stopadh ar feadh 30 nóiméad. Cé go raibh cúpla seans ag GCM sa chéad leath, níor éirigh leo iad a chur sa chúl. Sa dara leath, thosaigh siad níos láidre agus chuir siad go leor brú ar an bhfoireann eile. Le timpeall deich nóiméad fágtha, fuair GCM cúl chun an cluiche a chur isteach in am bhreise, agus ansin scóráil siad trí chúl eile chun an bua a bhaint amach. Iarracht den scoth ó na buachaillí.

**Sacar Bl. 1 Cailíní (le hOide Doireann):**
Ar an 4ú Feabhra, d'imir cailíní na chéad bhliana i gcoinne Rathdown. Cé gur chaill siad an cluiche, léirigh siad spiorad agus obair foirne den scoth arís. Maith sibh, a chailíní!

**Sacar F15 Buachaillí (le hOide Cathal):**
Ar an 2ú Márta, d'imir foireann F15 cluiche ceannais na sraithe i gcoinne Inis Córthaidh agus bhain siad bua 2–1 amach. Fuair Caoimhín Ó Murchú agus Aidan Mac Cathmhaoil na cúil a chuir GCM trasna an líne. Leis an mbua sin, bhain siad an tsraith amach. Comhghairdeas leis an bhfoireann!

Ar an 5ú Márta, d'imir siad leathcheannas cúige Laighean i gcoinne Ard Scoil Chiaráin Naofa as Contae Uíbh Fhailí. Cé gur chaill siad 4–2, rinne siad iarracht mhaith i ndrochaimsir agus níor éirigh leo an toradh a bhí uathu a fháil an uair seo.

**Sacar F17 Cailíní (le hOidí Emma agus Lauren):**
Ar an 5ú Márta, thug cailíní F17 taispeántas den scoth uathu chun cluiche ceannais Chill Mhantáin/Loch Garman a bhuachan i gcoinne Avondale CC. Léirigh siad diongbháilteacht agus seasmhacht iontach in ainneoin na drochaimsire. Ag troid in aghaidh na gaoithe agus na báistí, níor chaill an fhoireann fócas ar feadh nóiméid agus d'oibrigh siad go dian ar son a chéile ón gcéad fheadóg go dtí an ceann deireanach. Bua tuillte go maith agus ábhar mór bróid do na himreoirí, na cóitseálaithe agus an lucht tacaíochta araon.

**Sacar F19 Buachaillí (le hOide Martin):**
Ar an 23ú Feabhra, d'imir foireann F19 i gcoinne CCM as baile agus bhain siad bua drámatúil 4–3 amach tar éis am bhreise. Thosaigh GCM go fuinniúil agus go luath bhí siad 1–0 chun tosaigh tar éis cúl ó Chian. Cúig nóiméad níos déanaí, scóráil Fionnán cúl den scoth. Tháinig CCM ar ais sa chluiche agus fuair siad cic pionóis, rud a d'fhág go raibh GCM 2–1 suas ag leath ama. Sa dara leath, fuair CCM fuinneamh nua agus chuaigh siad 3–2 chun tosaigh. Le timpeall deich nóiméad fágtha, fuair Cian an liathróid ar thaobh na páirce agus tar éis rith iontach, sheol sé an liathróid isteach sa bhosca agus chríochnaigh Adrian í chun an scór a dhéanamh 3–3. Chuaigh an cluiche isteach in am bhreise, agus sa deireadh, tar éis brú leanúnach ó GCM, chríochnaigh an liathróid sa chúl chun bua 4–3 a chinntiú.

Ar an 4ú Márta, d'imir na buachaillí F19 cluiche ceannais i gcoinne EGS. Thosaigh GCM go láidir, ach faraor gortaíodh Oisín go luath sa chluiche agus b'éigean dó teacht den pháirc tar éis iarracht chróga. Chruthaigh GCM roinnt seansanna agus rinne Finn roinnt sábhálacha iontacha, chomh maith le blocanna maithe ó Chonor. Bhí sé 0–0 ag leath ama. Sa dara leath, chuaigh EGS chun tosaigh 1–0, ach le nóiméad fágtha sa chluiche, fuair Johnny a cheann ar chic saor ó Fhinn agus chuaigh an cluiche isteach in am bhreise. Níor tháinig athrú ar an scór ansin, cé gur laghdaíodh GCM go deichniúr tar éis cárta dearg a thaispeáint. Sna ciceanna pionóis, sheas Finn suas agus rinne sé ceithre shábháil as a chéile chun bua mór a chinntiú do GCM. Éacht iontach!



## CLG

**CLG Sóisir Buachaillí (le hOide Gearóid):**
Ar an 27ú Feabhra, d’imir an fhoireann shóisearach i gcoinne Greystones CC i gcluiche ceathrú ceannais Laighean agus bhain siad bua iontach 5–9 go 1–9 amach. Léiriú láidir a bhí ann ón bhfoireann agus iad ag dul ar aghaidh go muiníneach sa chomórtas.

Ar an 27ú Márta, d’imir an fhoireann shóisearach cluiche leathcheannais Laighean Theas i gcoinne Bunclody VC agus bhain siad bua iontach 3–13 go 2–7 amach. Cluiche dúshlánach mór a bhí ann, go háirithe agus roinnt imreoirí in easnamh. Mar sin féin, tháinig ceannaireacht agus crógacht ó áiteanna nua. Fuair Drew, Ciarán Mac Cathmhaoil agus Fionnan Ó Snodaigh na cúil. Bua iontach ar lá breá san Inbhear Mór. Maith sibh, a bhuachaillí!

**CLG F16 Cailíní (le hOide Aífe):**
Ar an 3ú Márta, d’imir cailíní F16 i gcoinne Dominican College agus bhain siad bua den scoth 7–17 go 1–3 amach. Thosaigh siad go láidir agus lean siad orthu mar sin go deireadh an chluiche. Fuair gach imreoir am ar an bpáirc agus d’imir siad go han-mhaith ar fad. Scóráil Katie, Rose, Kayla, Kaila, Eva, Issy agus Nessa. Maith sibh, a chailíní!

Ar an 9ú Márta, d’imir siad cluiche ceathrú ceannais Laighean i gcoinne St. Michael’s Holy Faith, Finglas. Thosaigh siad go láidir agus bhí siad chun tosaigh ag leath ama, ach faraor chaill siad go gairid sa deireadh, 2–12 go 1–17. Mí-ádh, a chailíní. Léirigh sibh ceannaireacht agus crógacht den scoth ar an bpáirc.

**Iománaíocht Shinsir (le hOide Aífe):**
Ar an 6ú Márta, d’imir an fhoireann shinsearach i gcoinne Choláiste Chill Mhantáin ach faraor chaill siad. Scóráil Tírnan Mac Piarais 4 chúl agus 5 phointe, agus fuair Donnacha Ó MóráIn pointe amháin. Rinne Orin Naluswa go leor sábhálacha maithe sa chúl le linn an chluiche. Bhí GCM chun tosaigh 0–2 go 0–1 ag tús an chluiche, ach níor éirigh leo an lámh in uachtar a choinneáil ina dhiaidh sin.

**Bl. 1 Iománaíocht (le hOide Aífe):**
Ar an 19ú Márta, ghlac foireann Bl. 1 páirt i mblitz iománaíochta agus d’éirigh thar barr leo. Bhí Tommy Ó Muirí, Conor Landy agus Fiachra Willoughby i measc na n-imreoirí ba láidre. Bhí dhá ghrúpa ann ag an tús agus chríochnaigh GCM sa dara háit ina ngrúpa. Chuaigh siad isteach i gCraobh B dá bharr sin agus bhain siad bua 5–0 amach. Maith sibh!

## Na Meáin Shóisialta:

Lean muid ar na suíomhanna thíos chun an t-eolas is déanaí a fháil:

- ***Instagram (@Gaelcholáiste_na_Mara)***
- ***Facebook (Gaelcholáiste na Mara)***